

SGÉUL NA LACHA DHEARG.

Rí bhí in Eirinn fadó agus bhí triúr mac aige agus ingean. Sé'n tainim abhí ar a gclann aige Dubh Mhac, Donn Mhac agus Geal Mhac agus Muirín ar an ingean. Cailleadh a bhean ansoin. Nuair abhí a bhean suim aimsire caillte bhí daoine a cur comhairle air pósadh. Níor mhaith leis fhéin pósadh agus níor mhaith leis aon leas mhathair a thabhairt ar a' gclann. Dubhairt sé leis fhéin ansoin. "Mo cráda is mo bhille go dtiocfaidh mé a toruigheacht bean agus má thughim agus go dtiocfaidh ní thiocfaidh mé dhá tóruigheachr in Éirinn.

D'ímtigh leis ansoin go ndeachaidh sé go Sasana. Nuair a chuaigh sé go Sasana bhí sé ag siubhal leis agus a breathnughadh ina thimpeall. Ní dhearnaigh sé mórán teacht isteach in aon teach go dtáinig sé isteach i gcaisleán breagh abhí ann. Nuair a tháinig sé isteach deirigh bean bhreagh anuas roimhe agus chraith sí laimh leis agus chuir sí fáilte roimhe Rí in Éirinn. "Creidim" adeir sí go b'iad na mná a thug as baile tú." "Siad" adeir sé. "Meas tú" adeir sí "a bposfhá mise." "Phosfhainn" adeir sé "ach béidir gur a deanamh grinn atá, bféidir go bhfuil tú pósta cheanna." "Bhí mé pósta" adeir sí "ach marbuigheadh m'fhear, ach phósfhaidh mé tusa anois." "Deanfaidh sin" adeir sé posfhaidh mise thú." "Bhoil anois" adeir sí ní aon bhlas le deanamh a'm sa nuair a gabhphas mé an aonfhacht leat-sa ach an áit seo a dhúnadh suas.

Tá ceathar cloinneam sa mé fhéin triúr ingean agus mac. Nial ar an mac Fad bhreathnuigeach ar dhuine dhe na hingineachaibh, Ciallmhar ar an gceann eile agus Eala Ghréine ar an triomhadh ceann. Tá an triúr ingean anois an aoinfeacht le m'dhreabhthhúr in Éigipt agus níl le tabhairt agam go hÉirinn ach an maicín sin thall-Nial." D'ímtigh leóthab agus sheol siad go ndeachaidh siad go hÉirinn. Nuair a tháinig sí ansoin bhí an-chion aici ar chlann a Rí agus ní raibh aon chall dhóib a dhul an sgoile amach as a teach uaithe bhí sí fhéin i ndon sgoil agus droieacht agus chuile rud a mhúnadh dhóib.

Nuair abhí sí trí bliana ansoin dhá múnadh agus an tan chion aici orrthab agus í múnadh chuile rud dhóibh agus i a múnadh an mhac ba sine- Dubh Mhac- ní b'fearr na ná ceactar acab. Oidhche amhain ansoin dubhairt sí le Dubh Mhac "caithfidh tusa" adeir sí dhul an siubhail a máireach. Caithfidh tú dhul go Éigipt. Sin é an áit a bhfuil mo chlann sa, ag fathach, agus mo dheabhthar pósta aige. "Agus" adeir sí "ní mór dhuit oibriughadh go maith. Beidh an fathach an-mhór leat ar dtús go mbeidh tú sgaitheamh ann ach cuirfidh sé sligh bháis eicint ort mar a mbreathnuigh tú amach dhuit fhéin. Ach marach go gceapaim go bhfuil tú i tfear maith agus go bhfuil tú i ndon na gnó a dheanamh ní chuirfhinn ann tú.

"Nuair a deirigh sé ar maidin ghléas sé suas é fhéin ina chulaith ghaisgidh i chruaidh comraic. Chuimil sé bois dhá shúile dhá bhúrla agus dhá mhailibh chial sé a cheann, ga'b sé a thrách agus d'ith sé a bhricfeasta.

Tabhair leat a tsraon sin ansoin" adeir sí "agus craith amuigh 'sa bpáirc í agus cérbí capall a chuirfheas a chloigeann innte tabhair anseo agamsa í, beidh tú in Éigipt luath go maith sa

lá." Nuair a thug sé isteach an capall chuaidh an bhean amach agus rug sí ar cheirtlinn snáth agus chaith sí uaithe í. "Lean-an snáth sin anois" adeir sí "agus beidh tú luath go leór in Égept.

An ingean is sine liomsa tá fhios gur chomh fada leithe atá tú dhul". D'ímtigh leis, bhí an capall ag imteacht idir Neamh is talamh ar an snát abhí caithte fútha agus bhí sí inÉgept sul na bhí an ghrian i dtalamh. Nuair a tháinig sé isteach i dteach an fhathaigh mhóir bhí fáilte ag chuile dhuine roimhe agus dhá fháilte ag Fadbhreathnuigeach roimhe. Ní fhaca tú aon fhear ariamh a raibh an oiread fáilte aige roimhe agus bhí ag a bhfathach. Dhá chur a cur caoi ar chapaill agus chuile shórt go raibh trí seachtainní shuas. Ansoin chuir sé carr leis ag iarraidh carr ubhlaí ar fhathach eile.

Nuair a tháinig sé ag a bhfathach eile. "Fú Fá Féasóg" adeir an fathach, faighim balaith an Éireannach bhréagach bradaigh níl fhios a'm céurd a dheanfhas mé leat." "Ní ag iarraidh tada ort atá mise ach carr ubhalaí." Ní dhearnaidh an fathach ach breith ar an tslaitín dhraoidheachta agus liagán ceann trom chloiche a dheanamh dhe.

An oidhche sin labhair an bhean in Éirinn le Donn Mhac. "A Dhonn Mhac" adeir sí "deir tú le liagán ceann trom cloiche atá deanta dhe do dheáthair in Égept. Mairg a cheap go raibh sibh ina bhfir mhaithe agus chreidim nach ndeanfhaidh sib na gno dhom" adeir sí. "Bhoil arno" adeir Donn Mhac "níl a'm sa ach imteacht mar d'ímtigh mo dreatháir" "Bhoil" eirigh a máireach agus imtigh" adeir sí "agus feic a marócha an fathach sin agus mara maróchair ní fhios am céurd a dheanfhas sibh" Lá na mháireach nuair a deirigh sé chuir sí amach sa bpairc é go bhfuair sé capall. Chaith sí an cheirtlín ag amach roimhe. Bhí an cheirlín ag imteacht agus an capall ag coinneál suas leithe, nú go raibh sé in Égept luath go leor sa lá.

Bhí an-fháilte roimhe agus an dárna bean bhí an fháilte aici roimhe. "Tá faictchios orm" adeir sí go neirigheóchaidh cleas Dhubh Mhac duit. Bhí an fathach go leór leis ansoin agus bhí an bhean ag iarraidh gan é seo a chur chomh fada leis an bhfatach eile go raibh sé ró lag. Bhí sé a dhul thimceall ar na capaill go ceann trí bliana. Nuair abhí na trí bliana shuas cuireadh é fhéin agus an capall agus an carr chomh fada leis an bhfathach. Nuair abhí sé ag imteacht"anois" adeir Ciallmhar leis "ná bí i do claidhre na fan' do sheasamh suas go mbuailfidh sé an tslaitín dhraoidheachta ort."

Bhuail sé leis go dtáinig sé chomh fada leis an bhfatach. Nuair a chonaic an fathach é "Fú Fá Féasóg" adeir sé faighim balaith an Éireannach bréagach bradach, níl fhios a'm céurd a dheanfhas mé leat." Ní mar sin a tháinig mé" adeir Donn Mhac "ach ag iarraidh carr ubhlaí." Ní dhearnaidh an fathach ach breith ar an tslaitín dhraoidheachta agus liagán ceann trom cloiche a dheanamh dhe.

An oidhche sin dubhairt an leas mháthair in Éirinn" a Gheal Mhac" adeir sí mar a bhfuil aon mhaith leat tá sibh sguabaighthe. Th'éis an méid draoidheacht abhí ag do bheirt dreáthar ní raibh aon mhaith leothab ach an oiread le déas fhéir a dfásfhadh suas sa sliabh. Agus adeir sí "cé'n mhisneach a tá agat a dhul an siubhail a máireach "Gabhfhadh" adeir sé "ach ní ar chapall é. Ní mé ag iarradh snath ná capall sílim go bhfuil mé fhéin i ndon mo bheallach a dheanamh go hÉgept. Tá mé ceapadh rud a bith a d'fhéad tú a dheanamh dhom go ndearnaidh tú é, sílim go bhfuil mo shúile oscailte a'd."

D'ímtigh leis nuair a d'éirigh sé ar maidin chumil sé bos dhá shúile, dhá bhurla agus dhá mhailibh. Chior sé a cheann ghabh sé a thrath agus d'ith sé a bhricfeasta. Chuaidh sé go tobar na meala agus d'ionnlamh sé é fhéin. Ghléas sé suas é fhéin ina chulaith ghaisce agus cruaidh chomhraic. Mar bhí a chóta dhe chraiceann easgaine air go dtí pluic a dhá mhasa, spuir deirgneacha ghréiglacha ghreanta. Treis bhucán na miol mór nó na mháidre dhá haindhcóin í bhí sé sgriobtha síos na litreacha móra air go b'é fhéin beo tá na mbeahta, fear mharbhughadh na gcéadta, fear cóir is ceart a bhainnt amach gan cóir na cearta a bith a tubhairt uaidh. A claidhme dilleach deailleach fóil in i, fóil in a fóil in a 'sa na hulagás. Tabhairt isteach a láimhe deise thairringt amach a láimhe clé mar a mbearrfhadh sé dhe'n cheud iarra go mbearrfhadh agus go ngearrfhadh agus go dtiubhrfhadh leis dhe'n dárna iarra. Chuaidh sé ar bhun talamh Mhala Bhréaga a raibh an dá ghréim déug a dhul an maitheasa ann, mar bhí trí ghreim o mhnaoi cúm caol tóin mhór agus intinn uaibhreach. Trí ghreim ó tharb munla ramhar, seasamh státhmhail agus éadan dána trí ghreim ó shionnach, súil bhiorrach, cluais aireach agus drioball sgothach. Trí ghreim ó ghirrfhaidh fileadh grot agus léim ard. "Bhoil anois a mhic bháin" adeir sí "tá baramhail a'm dhuit. Ach cé'n bealach anois a bhfuil tú a dhul." "Tá mé dhul a deanamh soitheach nuair a ghaibhfheas mé go dtí an fharrige go dteigh mé de'n Fhrainc." Ó tá fhios a'm sa cé'n ghnó tá dho'n Fhrainc a'd" adeir sí

D'ímtigh leis go ndeachaidh sé ar bhruach na farraige bhain sé sliseóg dhe thaobh dúrach agus sliseóg de thaobh darach. Chaith sé amach ar an bhfarraige iad go ndearnadh siad long luachmhar. Lán de shoilse, chuaigh sé isteach innte, darduigh sé suas a cuid seolta móra bocóideacha, bacóideacha bán dearg go barra na gcrann. Chomh fada, comh réidh chomh díreach. Níor fhág sé téaud tire gan tarraingt, na osclughadh maide ramha gan ruathrach a treabhadh na farraige fulcanta fíor dhomhain nach dtreabhfar arist go lá dheireadh an domhain. Éisge, rúinte, miolta móra, beithidhigh bheaga bheul dearga na farraige shiar theacht ar bhois agus ar bais an mhaide rámha aige. Slug, slug ag a bhfaighleán ó thosach a luing go dtí deireadh an luing na heasganaí a dhul in easglsibh a chéile go bhrigh na measguighthe sin. D'éirigh na sruthacha ciarséanacha cuairseanacha bualadh tuar gaine agus a rapail. An gaine mín a dhul in uachtar agus an gaine garbh a dhul in iochtar le neart seóil treabhadh agus tiomáint agus go raibh na heasganaí beaga a snámh innte, gur strioc sé cuan is calath 'sa bhFrainc. Gur eirigh sé amach as a shoitheach gur shiubhail sé suas agus go ndeachaidh sé chomh fada le cúirt Rí na Fraince.

Bheannuigh sé isteach. Chuir Rí na Fraince fáilte roimh Gheal Mhac mac Rí i nÉireann. "Sé nós a dtáinig mé chomh fada leat" adeir Geal Mhac. "Cé nós a dtáinig tú chomh fada liomsa" adeir a Rí. "Bhoil tháinig mé" adeir sé "go dteighfhinn a troid do mhic. "Nach é an chaoi a bhfuil mo mhac sa Glas Mhac abhí ar" adeir sé "tugtha uaim le cheithre bliana agus a bhean Lacha Dhearg ingean Rí na Spáine tugtha an aonfheacht leis ag fathach in Égept agus Seal Ghlas deanta aige agus lacha deanta dhe'n bhean agus í curtha ar bharr crainn. "Níl aon chall duit innseacht dhom" adeir Geal Mhac "tá fhios a'm an sgéal cheann agus theastuigh uaim a theacht chomh fada leat. Sé an áit a dtáinig mé ag iarradh claimhe ort." "Níl aon chlamhe anseo" adeir an Rí Éist do bhéal" adeir Geal Mhac "agus tabhair agamsa an claimhe agus na cuir ialach orm an chúirt a chur ó na chéile. Sin claimhe abhí ag athair na

mná atá mise a dhul a phosadh agus teastuigheann sé uaim le haghaidh an fathach a mharbuigheadh.

Tugadh aige an claimhe. D'fhág sé an soitheach 'san áit a raibh sí agus d'ímtigh leis go ndeachaigh sé go hÉgept. Nuair a tháinig sé isteach bhí fear na fáilte acab uilig roimhe. Tháinig Eala Ghréine agus mhuc sí le póga é, bháith sí le deora agus thriomadh sí le brata fíor uaisle agus gruaig a cinn fhéin é, agus más shíos fuair sí é is shuas a d'fhág sí é. "Níl aon mhaith dhuit a cainnt anois" adeir sí ach deanfhaidh mise aon dhíom fhéin anocht agus gabhfhaidh mé suas i mullach an chrainn agus béarfhaidh an lacha an ubh dhom a bhfuil anam an fhathaigh istigh innte beidh tusa ag obair máireach nuair eirigheóchas an fatach agus maróchaidh tú é." Chuadar a chodladh agus taca lae chuaidh Eala Ghréine suas agus ar ndóigh sé raibh uaidh ingean Rí na Spáine an ubh a bhreith dhi. Thug sí an ubh isteach ag Geal Mhac. Nuair a d'eirigh an fathach anuas ar maidin "níl fhios am beo céurd tá orm tá mé go mo bhruth." "b'féidir" adeir Geal Mhac gur brutallach atá ort ach caith dhíot" adeir sé. Chaith an fathach dhe agus nuair a fuair an Geal Mhac ina chraiceann é bhuail sé dhe'n ubh é agus rinne sé spéice dhe "muise spreacadh in do láimh" adeir bean an fhathaigh leis "tá sé sin críochnuighthe agat ach tá beirt eile le marbhuighadh fós a'd.

Ar a' bpointe boise is bhí an fathach marb tháinig an lacha dhearg anuas ina bean agus deirigh mac Rí na Fraince suas ina fhear. D'ímtigh le Geal Mhac ar maidin lá'ir na mháireach go ndeachaidh sé chomh fada leis an bhfatach eile agus thug sé leis an claimhe. Tháinig sé chomh fada leis an bhfathach mar tháinig na dreáthuracha eile roimhe. Nuair a chonnaic an fathach é "Fú Fá Féasóg" adeir sé "faighim balaith an Éireannach bhréagach bhradach, is mór liom dhe ghreim thú agus is beag liom dhe dhá ghreim thú, níl fhios a'm ar dhe shéideóg 'san aer a chuirfheas mé thú nú faoi ma chosaibh salathach, nú tú cheangal leis na héalachaibh a tá in mo bhróga. "Ó a fhathaigh mhóir" adeir Geal Mhac" ní le cóir na ceart a thabhairt dhuit a tháinig mise anseo cor a'bith, ní é fearacht na ndsaoine eile a d'fan go socair dhuit gur mharbuigh tú iad." Cé fearr leat" adeir a fatach a caruigheacht ar leacreacha dearg na cur sgeana dearg i mbolge easnachai a chéile." "Is fearr liom a caruigheacht ar leacreacha dearga" adeir sé san áit a mbeidh mo cosa mine fíor uaisle ag eirigh an uachtar agus do chrága móra mi-stúma a dhul in iochtar. "D'ímtigh leóthab chuir siad laimh in iochtar láimh in uachtar láimh in uaisle caruigheacht a tarraingt toibreacha fíor uisge anios thríd lár na gclocha glasa. Níl aon fhear o thioradán go thuaradáin a thiochfadh a breathnughadh ar gaisge, cath na chruaidh chomhrac nach orrthab a choir a theacht a breatnuighadh dhéanfadh siad bogán dhe'n cruadhan agus crudhan dhe'n bhogán na spreabrachaí abhí siad a bhaint le na gcosa bhí siad dhá gcur chomh fada uathab go raibh siad a caochadh na gcailleach abhí a caitheamh píopa 'sa Domhan Shoir. Thug sé corr dhen fhathach chuir sé go glúinibhe é an dara corr go basta agus an triomadh corr go meall a bhrádaigh. "Talamh as do chionn a bhodaigh" adeir sé. "Chídhim go b'ead adeir an fathach." Tiúbhfhaidh mé an each caol dhubh dhuit,, an claimhe soluis, fáinne na hoighe an poitín ioch shlainte agus an tslaitín draoidheachta a thóigheas do bheirt dhreáthar ó dhraoidheacht agus tiúbhfhaidh tú ceathrumhadh m'anam dhom. "Cé bfaigh mé iad" adeir sé. "Gheobhfaidh tú 'san arg mór sin thall iad" adeir a fathach "ach tarraing mé fhéin mar níl

ann ach go mbeinn fhéin agus mo dhreathair i ndon i iompughadh” “Ó iompughadh mise í”
adeir Geal Mhac.

Chuaidh sé anonn agus d’iompugh sé an clar dhe’n arg agus thug sé aníos aiste an tslaitín draoidheachta, an poitin iochshlainte agus an claimhe soluis. Thug an fatach an fáine dhá mhéir dhó agus dubhairt sé leis go raibh an each ‘sa stábla. “Cé bhfucfaid mé faobhar mo claimhe anois” adeir sé. “An smuitéan is brocuighth dhá bheicfidh tú ansoin” adeir sé “fruch air é agus sé an chaoi mbeidh faobhar a teacht air.” “Ní feicfim rud a bith ann” adeir Geall Mhac “is bréine ná do shean cheann fhéin’ga bhualadh i gcongar an ghéill an mheail agus an mhuinil bhain sé dhe anuas gan truisle gan tabhairle é gan mheisce gan mhearamhal, ghabh sé ina deas láimh é agus bhuaile sé i gclár an éadain é. “Níor mhór dhuit adeir a ceann” dá mbeinnse shuas ní leat a chuideóchainn.” “Nuair abhí tú shuas” adeir seisean ba dhonna thú.” Rug sé ar an tslaitín dhraoidheachta ansoin agus bhuaile sé an bheirt dreáracha di agus rinne sé beirt fhear aríst díob. Arnú bhí an lúchmhar acab roimhe chéile. Chuaidh siad ansoin chomh fada le cúirt an fhathaigh go bhfaca sé chuile short dhá raibh innte agus go bhfaca sé a each caol dubh. Tháinig siad ar ais ansoin chomh fada le teach an fhathaigh mhóir eile. Nuair abhí siad ann ansoin dubhairt bean an chéad fhathach leis go raibh an fathach ba mheasa le marbhughadh fós aige agus nach raibh aon mhaith dhó cainnt go mbeadh sé sin marbhughthe. Bé sé seo an fathach agus ina Rí ar an áit.

D’imigh le Geal Mhac lár na mháireach agus le na bheirt dreáthar agus le mac Rí na Fraince go ndeachaidh siad chomh fada leis an áit a raibh cúirt an fhathaigh seo. Ar a bpointe a dtáinig sé ansoin chuaidh sé agus bhuaile sé an cuaille comhrac nar fhág sé laogh i mbuinn searach i láir, iasg ar linn, gírrfhiadh i dtom ná leanbh i mnaoi nar bhain sé trí iompughadh beo agus marbh astab agus iad iompughadh ar ais aríst. D’éirigh an bolsaire boird i mbarr na cúirte agus d’fhiurruigh sé céurd abhí sé iarradh. Dubhairt sé go raibh sé i giarradh seacht gcéud ar aghaidh seacht gceud ar a chúl, seacht gceud ar gach taobh dhe agus feadh radhairce uaidh sin amach. Tháinig sin aige an méid sin fear. “Bhoil” adeir sé “is bocht liomsa a dhul a marbhughadh an méid sin fear agaibh ach go gcaithfhin sibh a thabhairt amach ó bhí sibh faoi dhligheadh an fhathaigh ach cé is fearr libh an lá a’m sa ná ag am bhfathach.” “beidh a gcongnamh agus a gcuideadh a’d sa chuile bhall dhen domhan da siubhailfidh tú agus ‘san áit a bhfuil tú ma eirigheann leat an fathach a mharbhughadh.”

D’imigh leis agus bhuaile sé an cuaille comhrac aríst. D’éirigh an bolsaire boird amach aríst agus d’fhiurruigh sé dhe ceurd abhí sé iarradh” tá mé giarradh an fathach mór adeir sé “is bocht liomsa an méid seo fear a mharbhughadh gan aon udar.” Tháinig an fathach aige amach ansoin agus d’ionnsuigh siad a chéile. D’ionnsuigh siad a chéile ar an talamh ar

dtús agus rinne siad chuile sórt beithidhig dhá chéile ach ní dhearna siad aon mhaith dhá chéile agus ansoin chuaidh siad ‘san aéir agus ní fhaca an mhuinntir abhí ar an talamh aon bhlas ar feadh trí lá ach clúmthach éanachaibh ar maidin an ceathramhadh lá thuit siad anuas ina dhá bhfear ar a talamh agus iad curtha. Nuair a thuit siad ansoin chonnaic sé sgriobhtha ar claimhe an fhathaigh nach raibh aon marbhughadh don fhathach go marbhughtheadh a claimhe fhéin é. Bhuaile sé buille de’n claimhe ‘sa láimh ar a’ bhfathach rus gur sgaoil sé uaidh a chclaimhe agus rug an Geal Mhac air agus bhuaile sé an fathach i gcongar

an bheuil an mheill agus an mhuinil bhain sé dhe anuas gan truisle gan tabhairlint é, gan meisge gan mearamhal, ghabh sé ina dheas láimh agus bhuail sé i gclar an éadain é. "Nior mhór dhuit" adeir a ceann "dha dteighinn-se suas aríst leat na bhfian ní bhainfheadh anuas mé." "Rinne mise an tap is fearr nior thug mé cead dhuit a dhul suas" adeir Geal Mhac.

Tháinig siad ar ais an sin nuair abhí an fathach marbh agus a chuid áiteacha glasáilte suas acab. Nuair abhí said sa mbaile ansoin phós trí mhac a Rí na trí ingean agus chaith siad bainis seacht noidhche agus seacht lá na raibh fhios cé bhfearr an chéud oidhche na an oidhche dheirneach agus bhí mac Rí na Fraince agus a bhean fhéin an aonfhacht leóthab. Nuair abhí an bhainis thart "anois" adeir bean an fhathaigh le Geal Mhac "fanfaidh tusa an aonfhacht liom sa sa áit seo chaodhenn "ní mar sin a bheas a sgéal cor a' bith" adeir Eala Ghréine "ach fanfhaidh Donn Mhac an aonfheacht leat, tá áit níos fearr ná an áit seo ag Geall Mhac nach bhfuil áit Rí an Rioghaicht seo aige. "Agus" adeir sí "gabhfhaidh Dubh Mhac abhaile go dtí áit athar in Éirinn agus tá a ndreabhthar seo agus mo dreáthuir –sa le pósadh agus beidh áit mhaith acab san freisin mar beidh áit a mhathar i Sasanna ag mo dreáthair sa."

Bhuail leóthab ar maidin mac Rí na Fraince agus a bhean, Dubh Mhac agus a bhean agus eisean agus a bhean go ndeachaidh siad dhon Fhrainc. Chaith siad trí no ceathair dhe laetheannta sa bhFrainc ag ithe dinnéir mar bhí Rí na Fraince fhéin an spóirtamháil nuair a tháinig a mhac abhaile aige.

Nuair abhí siad ann ansoin cupla lá no trí thainig said go hÉirinn agus bhí fear na fáilte ag an athair agus a bhean rompab. Nuair abhí sé seo seachtmhain ann dubhairt Geal Mhac go mbeadh sé dhul ag imteacht. "Imtigh" adeir bean a Rí "agus fan 'san áit a bhain tú amach. Agus tá do dhreabhthar agus mo mhac sa Nial le pósadh ach níl Nial sátnbhach mór fós agus bhí fhios ag Eala Ghréine chuile short chomh maith agus bhí fhios a'm sa. Nuair a pósfhas Nial gabhfhaidh sé fhéin agus a bhean go Sasana." D'imtigh Geal Mhac agus a bhean lá'r na mháireach agus dfan Dubh Mhac agus a bhean fhéin sa mbaile agus dfan Nial agus an ingean ansoin freisin go mbeadh sé an ám pósta acab